Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12803/22

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0141(NLE)**
**2022/0142(NLE)**

AGRI 473
RELEX 1244
FORETS 87
DEVGEN 178
ENV 916
PROBA 44

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí<br>– *Glacadh*<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí<br>– *Comhaontú i prionsabal*<br>– *Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa* |

1. An 10 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh thuasluaite ón gComhairle[1].

2. An 2 Meitheamh 2022, tháinig an Mheitheal um Fhoraoiseacht ar chomhaontú maidir leis an dá thogra.

[1] 8982/22 + ADD1 agus 8985/22 + ADD1.

3. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a dhaingniú, agus a iarraidh ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo:

- an Cinneadh a ghlacadh maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 9086/22 é. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE;
- aontú i bprionsabal leis an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 9272/22 é, chomh maith le téacs an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 9271/22 é;
- a chinneadh 9272/22 agus 9271/22 a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, mar a luaitear thuas.